Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Tuarascáil Bhliantúil 2016

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ,
Bóthar na hOtharlainne,
Baile Átha Cliath 7.

Tel: + 353 1 858 8500
Fax: + 353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2017

# CONTENTS

Réamhrá ........ 4

CUID 1: OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

1.1 Obair Ghinearálta na hOifige ........ 8

1.2 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil ........ 9

1.3 Struchtúr na hEagraíochta ........ 10

CUID 2: RIARACHÁN OIFIGE

2.1 Caiteachas na hOifige ........ 12

2.2 Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2015 ........ 15

2.3 An tAcht Um Íoc Pras Cuntas, 1997 ........ 16

2.4 Saoráil Faisnéise ........ 17

2.5 Tuarascáil Bhliantiúil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh 2016 ........ 18

2.6 Scéim na Gaeilge ........ 19

CUID 3: CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ

3.1 Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2016 ........ 21

3.2 Íospartaigh Coireachta ........ 26

3.3 21ú ComhdháilBhliantúil & Cruinniú Ginearálta an IAP ........ 29

CUID 4: STAITISTICÍ

4.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas ........ 35

4.2 Torthaí na gCásanna arna n-Ionchúiseamh ar Díotáil ........ 42

4.3 Iarratais chuig na Cúirteanna ........ 54

4.4 Iarrataí ar Eiseachadadh ........ 59

4.5 Cúnamh Dlí Frithpháirteach ........ 60

# RÉAMHRÁ

Tugann sé pléisiúr dom an tuarascáil bhliantúil do 2016 a chur i láthair.



Bhí an Chúirt Achomhairc i bhfeidhm dá dara bliain iomlán in 2016 agus lean sí le hacmhainní suntasacha a thabhairt d'achomhairc choiriúla. Chonaic an Phríomh-Chúirt Choiriúil méadú mór ar líon na gcásanna a réitigh an chúirt sin chomh maith, agus bhí méadú comhfhreagrach ar na táillí a íocadh leis an Abhcóide as na cásanna a n-éisteadh leo. Cé go raibh fáilte roimh an méadú ar réiteach cásanna, chuir sé sin brú ar acmhainní na foirne chun déileáil leis an obair sin. Bhí an dara Cúirt Choiriúil Speisialta i bhfeidhm dá céad bhliain iomlán agus chuir sí le laghdú ar an riaráiste oibre sa chúirt sin.

Bhí laghdú an-suntasach i líon na n-achomharc bannaí chun na hArd-Chúirte. Bhí an laghdú ar líonta na gcomhad ar dhéileáil an Oifig leo mar thoradh air sin den chuid ba mhó faoi mar atá leagtha amach i gCaibidil 4. Mar gheall ar mhéadú thar na trí bliana a chuaigh thart, tháinig laghdú beag ar líon na gcomhad a cuireadh faoi bhráid na hOifige le haghaidh cinntí maidir le hionchúiseamh.

Lean an Oifig le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta, Tacaíocht agus Cosaint Íospartaigh na Coireachta a chur i bhfeidhm le linn 2016. Agus é seo á scríobh, rith an tOireachtas an tAcht lena dtrasuítear an treoir seo i ndlí na hÉireann. Cuirim fáil roimh an bhforbairt sin. Faoi mar atá leagtha amach i gCaibidil 3.2 den tuarascáil, déanfaimid athbhreithniú ar ár struchtúir agus nósanna imeachta reatha lena chinntiú go gcomhlíonadh siad an reachtaíocht. Tá dóchas agam go leanfaidh an fheasacht phoiblí maidir leis na cearta agus an tacaíocht atá ar fáil d'íospartaigh ag fás.

In 2016 rinneadh sainchúram an Aonaid Speisialta Airgeadais a bunaíodh in 2011 chun déileáil leis na cásanna a tháinig chun cinn ó ghéarchéim na baincéireachta a leathnú chun cásanna coireanna airgeadais eile a chuimsiú. Tá dlúth-idirchaidreamh leanúnach ar siúl le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch maidir le cásanna dá leithéid.

I gCaibidil 3.3 cuirtear síos ar thionól Chomhdháil Bhliantúil Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí (IAP) i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2016. Ba mhór an onóir d'Éirinn agus don Oifig seo beagnach 550 ionchúisitheoir ó 89 tír a óstáil.

Téama an-tábhachtach is ea téama na comhdhála – an caidreamh idir an t-ionchúisitheoir agus an t-imscrúdaitheoir – agus rinneadh é a iniúchadh ar a lán leibhéal éagsúil le linn na gceithre lá de sheisiúin. D'athnuaigh an IAP a thiomantas do chaighdeáin ionchúiseacha a ardú ar fud an domhain. Ba mhór an onóir dom bheith tofa mar Choiste Feidhmiúcháin an IAP ag Comhdháil Bhaile Átha Cliath agus táim tiomanta do thacaíocht a thabhairt dá mhisean cibé dóigh is féidir liom.

Sa chomhdháil, sainaithníodh na dúshláin áirithe atá le sárú ag ionchúisitheoirí ar fud an domhain, lena n-áirítear bagairtí ar a neamhspleáchas ó chur isteach polaitiúil. Cuirtear bonn taca faoi ról an ionchúisitheora in Éirinn leis na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí, agus foilsíodh an ceathrú leagan

de i mí Dheireadh Fómhair 2016. Tá athbhreithniú fairsing déanta san eagrán seo de na Treoirlínte, a foilsíodh den chéad uair in 2001, i bhfianaise forbairtí dlíthiúla éagsúla, mar shampla, Treoir AE maidir le hÍospartaigh a luadh thuas. Tá na Treoirlínte ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.dppireland.ie.

Táim sásta a thuairisciú gur cuireadh athlonnú na foirne isteach i gceanncheathrú corparáideach amháin, rud a rabhthas ag súil leis le fada, i gcrích i mí an Mheithimh i mbliana. Tá tús curtha againn cheana le hathbhreithniú eagraíochta lena chinntiú go bhféadfaimis feidhm iomlán a bhaint as an bhforbairt úr seo. Tá an t-athbhreithniú fós ar siúl ach rinneadh dul chun cinn suntasach chun ullmhacht na hOifige a chinntiú maidir leis na dúshláin amach anseo a shárú. Áirítear orthu sin obair idirnáisiúnta atá ag méadú i gcónaí atá tuairiscithe ar leathanaigh 58 agus 60, agus an tionchar ar ár gcuid oibre maidir le hionstraimí AE um chosaint sonraí ó mhí na Bealtaine na bliana seo chugainn i leith.

Ag amharc ar an am atá le teacht cuirim fáilte roimh fhógra an Rialtais maidir le beartú tosaíochta an Bhille um Nós Imeachta Coiriúil chun déileáil le nósanna imeachta, i measc nithe eile, roimh thrialacha coiriúla. Feicfear cén fhoirm dheiridh a bheidh ar an bhforáil maidir le héisteachtaí réamhthrialach ach tá súil agam go mbeidh sé láidir go leor chun difríocht fhónta a dhéanamh do phróiseáil na gcásanna indíotáilte uile trí na cúirteanna. Cé go bhféadfadh na coigiltis bheith níos soiléire i gcásanna an-fhada agus an-chasta, tá gá ann chomh maith le réiteach éifeachtach ar cheisteanna roimh thriail i gcásanna nach bhfuil chomh casta. Tá siad sin an-tábhachtach do na rannpháirtithe agus is féidir leis a bheith an-trámach d'íospartaigh má tharlaíonn moilleanna agus cur ar atráth.

Ba mhaith liom críochnú trí bhuíochas a ghabháil le foireann na hOifige, lenár nAturnaetha Stáit agus leis an gcuid mhór abhcóidí neamhspleácha a dhéanann ionadaíocht ar son an ionchúisimh, as a dtiomantas leanúnach agus a n-obair chrua. Cuirtear dúshlán orthu gach uile lá chun ionchúiseamh a dhéanamh gan eagla agus gan claonadh de réir na dTreoirlínte d'Ionchúisitheoirí. Is é a bhuíoch dóibhsean gur féidir linn ár misean a sheachadadh – chun seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a sholáthar thar ceann mhuintir na hÉireann.

**Claire Loftus**
**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
Samhain 2017

## RÁITEAS MHISIN

Seirbhís ionchúisimh atá
neamhspleách, cóir agus éifeachtach
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

# CUID 1:
# OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

# 1.1 OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

**1.1.1** Is é atá i mbunfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ná ionchúiseamh poiblí agus nithe coiriúla gaolmhara a sheoladh agus a mhaoirsiú.

**1.1.2** Faightear tromlach na gcásanna a ndéileálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leo ón nGarda Síochána arb é an phríomhghníomhaireacht náisiúnta imscrúdúcháin é. Ach, maidir le roinnt cásanna, is cásanna iad a tharchuireann gníomhaireachtaí speisialaithe imscrúdúcháin chuig an Oifig, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

**1.1.3** Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Soláthraíonn an Rannán Aturnaetha, faoi cheannaireacht an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, seirbhís aturnae chuig an Stiúrthóir in ullmhú agus i gcur i láthair cásanna i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc, san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach á n-ullmhú agus á gcur i láthair. Fostaítear 32 aturnae stáit lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ar bhonn conartha chun seirbhís aturnae a chur ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i roinnt ábhar na Cúirte Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.

Faigheann na trí Rannán tacaíocht ina gcuid oibre ó:

- Déanann an tAonad Beartais agus Taighde, a sholáthraíonn taighde maidir le cúrsaí dlíthiúla agus beartais, beartais maidir le hionchúiseamh a fhorbairt agus comhairle a thabhairt i ndáil le doiciméid faoi bheartas dlíthiúil a tharchuirtear chuig an Oifig lena mbreithniú.
- An tAonad Leabharlainne a sholáthraíonn seirbhísí faisnéise agus saineolais don fhoireann dlí agus don fhoireann riaracháin araon.
- An tAonad Cumarsáide & Idirchaidrimh le hÍospartaigh, ar a bhfuil freagracht maidir lena chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a hoibleagáidí mar atá leagtha amach i dTreoir 2012/29/AE lena mbunaítear caighdeáin íosta maidir le cearta íospartaigh na coireachta agus maidir le tacaíocht agus cosaint dóibh.

# 1.2 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMHCHOIRIÚIL

**AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN**

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó de na hionchúisimh achoimre i ndáil le cionta nach cionta tromchúiseacha a sheoladh sa Chúirt Dúiche (faoi réir ag cumhacht an DPP treoir a thabhairt)
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta tromaí

**RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ** (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

**ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL** (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche agus achomhairc chuig an gCúirt Chuaird
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

**RANNÁN NA dTREORACHA, OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

**RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ** (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

**ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL** (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Treoracha ó Rannán na dTreoracha a chur chun feidhme
- Freastal ar réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
- Leabhar Fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh
- Freastal ar an triail agus tuairisc a thabhairt ar an toradh do Rannán na dTreorach
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil
- Achomhairc a hionchúiseamh sa Chúirt Chuaird agus sa Chúirt Achomhairc (Coiriúil)

**ABHCÓIDE IONCHÚISIMH**


- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

**NA CÚIRTEANNA**

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
- Pianbhreith a ghearradh

# 1.3 STRUCHTÚR NA hEAGRAÍOCHTA

(Suas go dtí Meán Fómhair 2017)



# CUID 2:

## RIARACHÁN OIFIGE

# 2.1 CAITEACHAS NA hOIFIGE

I gCairt 2.1.1 taispeántar miondealú ar chaiteachas na hoifige do na blianta 2016, 2015 agus 2014.

**Tuarastail & Pá:** Léiríonn sé seo an costas a bhaineann le tuarastail na foirne atá fostaithe san Oifig. Ba é a bhí sa líon iomlán foirne ar an 1 Eanáir 2016 ná 186.

**Costais Oifige:** Baineann sé seo le costais ghinearálta riaracháin, lena n-áirítear ceannach agus cothabháil trealaimh oifige, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, cothabháil áitribh na hoifige, costais taistil agus costais theagmhasacha.

**Seirbhís na nAturnaetha Stáit:** Baineann sé seo le híoc tuarastal agus costas leis an 32 Aturnae Stáit a oibríonn i gcleachtais phríobháideacha agus a bhfuil conradh acu leis an Oifig seo chun feidhmiú thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.


**Táillí a íoctar le hAbhcóidí:** Is táillí iad seo a íoctar leis na habhcóidí a ionchúisíonn cásanna thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna coiriúla éagsúla. Socraítear na táillí de réir na bparaiméadar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Costais Ghinearálta Dhlíthiúla:** Baineann sé seo le híoc costas dlíthiúil arna mbronnadh ag na cúirteanna in imeachtaí dlíthiúla in aghaidh an Stiúrthóra.

**NÓTA:** Maidir leis na méideanna atá leagtha amach i gCairt 2.1.1. i ndáil le Tuarastail, Pá agus Liúntais agus i ndáil le Costais Oifige, tá siad glan ar asbhaintí a bhaineann le pinsin agus ar Leithreasaí-i-gCabhair faoi seach.

## CAIRT 2.1.1: CAITEACHAS OIFIGE

| | 2016 € | % | 2015 € | % | 2014 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tuarastail, Pá & Liúntais | 12,198,630 | 32% | 12,150,357 | 32% | 11,825,780 | 32% |
| Costais Oifige | 2,417,507 | 6% | 2,744,842 | 8% | 2,427,721 | 7% |
| Seirbhís na nAturnaetha Stáit | 6,547,058 | 17% | 6,433,605 | 17% | 6,401,954 | 17% |
| Táillí Abhcóide | 14,857,921 | 38% | 14,022,032 | 37% | 13,399,223 | 37% |
| Costais Ghinearálta Dlí | 2,604,944 | 7% | 2,318,369 | 6% | 2,647,470 | 7% |
| **IOMLÁN** | **38,626,060** | | **37,669,205** | | **36,702,148** | |




I gCairteacha 2.1.2 & 2.1.3 taispeántar miondealú ar chaiteachas ar tháillí a íocadh le habhcóidí sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus ar chaiteachas de réir réigiún i leith na Cúirte Cuarda Coiriúla.

Clúdaíonn na táillí a íoctar le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil & sa Chúirt Speisialta Choiriúil comhairle a thabhairt maidir le cruthúnais, díotálacha a dhréachtú, seisiúin chomhairle a sheoladh, díotchúiseamh, an cás a chur i láthair na cúirte agus láithris riachtanacha eile e.g. nuair atá pianbhreitheanna á ngearradh.

Is iad seo a leanas na príomhnithe a chlúdaítear sa chaiteachas ar tháillí san Ard-Chúirt: iarratais ar bhannaí agus an obair ullmhúcháin agus éisteachtaí a bhaineann hathbhreithnithe breithiúnacha.


## CAIRT 2.1.2: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CÚIRTE

| | 2016 € | % | 2015 € | % | 2014 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chúirt Chuarda | 7,885.210 | 53% | 7,133,793 | 51% | 7,615,411 | 57% |
| An Phríomh-Chúirt Choiriúil | 4,561,132 | 31% | 3,911,612 | 28% | 3,252,484 | 24% |
| An Ard-Chúirt | 1,070,952 | 7% | 1,246,587 | 9% | 1,043,487 | 8% |
| An Chúirt Uachtarach | 48,892 | 0% | 150,056 | 1% | 311,567 | 2% |
| An Chúirt Achomhairc | 1,013,359 | 7% | 1,204,331 | 9% | 583,240 | 5% |
| An Chúirt Choiriúil Speisialta | 243,982 | 2% | 354,910 | 2% | 578,904 | 4% |
| An Chúirt Dúiche | 34,394 | 0% | 20,743 | 0% | 14,130 | 0% |
| **IOMLÁN** | **14,857,921** | | **14,022,032** | | **13,399,223** | |



## CAIRT 2.1.3: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CUARDA

| | 2016 € | % | 2015 € | % | 2014 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuaird Bhaile Átha Cliath | 4,435,009 | 56% | 3,935,526 | 55% | 3,752,005 | 50% |
| Cuaird Chorcaí | 579,824 | 7% | 680,537 | 10% | 754,179 | 10% |
| Cuaird an Oirthir | 601,443 | 8% | 632,113 | 9% | 707,131 | 9% |
| Cuaird Lár Tíre | 365,235 | 5% | 268,629 | 4% | 402,754 | 5% |
| Cuaird an Oirdheiscirt | 711,779 | 9% | 736,032 | 10% | 844,631 | 11% |
| Cuaird an Iardheiscirt | 560,802 | 7% | 459,927 | 6% | 557,258 | 7% |
| Cuaird an Iarthair | 359,908 | 5% | 263,531 | 4% | 380,445 | 5% |
| Cuaird an Tuaiscirt | 271,210 | 3% | 157,498 | 2% | 217,007 | 3% |
| **IOMLÁN** | **7,885,210** | | **7,133,793** | | **7,615,410** | |



# 2.2 SLIOCHT AS AN GCUNTAS LEITHREASA 2015

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

| | | Soláthars na Meastacháin €'000 | 2015 Toradh €'000 | 2014 Toradh €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **CAITEACHAS CLÁIR** | | | | |
| **A.** | Seirbhís Ionchúisimh a Sholáthar | 38,389 | 38,622 | 37,675 |
| | **Ollchaiteachas** | **38,389** | **38,622** | **37,675** |
| | *Lúide* | | | |
| **B.** | **Leithreasaithe-i-gCabhair** | **1,005** | **953** | **973** |
| | **Glaniomlan** | **37,834** | **37,669** | **36,702** |

**An Barrachas atá le Géilleadh**

Dlitear barrachas an méid a soláthraíodh i gcomparáid leis an nglanmhéid a úsáideadh a thabhairt don Státchiste

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| An Barrachas atá le Géilleadh | €164,795 | €135,853 |

**Anailís ar Chaiteachas Riaracháin**

| | | Soláthars na Meastacháin €'000 | 2014 Toradh €'000 | 2014 Toradh €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **I.** | Tuarastail, Pá agus Liúntais | 13,826 | 12,963 | 12,648 |
| **II.** | Taisteal agus Cothabháil | 109 | 91 | 103 |
| **III.** | Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha | 991 | 1,139 | 1,188 |
| **IV.** | Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | 250 | 219 | 201 |
| **V.** | Fearas Oifige agus Seirbhísí TE seachtracha | 808 | 422 | 469 |
| **VI.** | Caiteachas maidir le hÁitreabh Oifige | 792 | 983 | 597 |
| **VII.** | Seirbhísí comhairleoireachta & Athbhreithniú maidir le Luach an | 37 | 30 | 20 |
| | | **16,813** | **15,847** | **15,226** |

# 2.3 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

## Na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

### FEIDHMIÚ AN ACHTA I RITH NA TRÉIMHSE ÓN 1 EANÁIR 2015 GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2016

**2.3.1** Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.

**2.3.2** I rith na tréimhse faoi chaibidil, bhí an Oifig mall le seacht cinn d'íocaíochtaí dar luach breis agus €317.50 a dhéanamh. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €11,434. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €11,790 as luach iomlán íocaíochtaí de €2.7 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €46.37.

### Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta

**2.3.3** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.

**2.3.4** Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadaítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

**2.3.5** Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

**Barry Donoghue**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Lúil 2017

# 2.4 SAORÁIL FAISNÉISE

**2.4.1** Dearbhaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI) 2014cearta an phobail chun rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil, lena n-áirítear faisnéis phearsanta, go feadh an méid is mó ar féidir i suim an phobail agus le cearta ar phríobháideacht daoine.

**2.4.2** Foráiltear le Roinn 42(f) den Acht 2014 ceart rochtana ar thaifid a bhaineann le riaracháin ghinearálta Oifig an S.I.P.Ciallaíonn sé sin nach bhfuil rochtain ar thaifid a bhaineann le comhaid ionchúisimh choiriúilfaoin Acht FOI.

**2.4.3** Déanann an Oifig iarracht faisnéis a dhéanamh inrochtana go réidh agus gur féidir. Tá ár Scéim Fhoilseacháin um Shaoráil Faisnéise ár fáil ar ár suíomh idirlín, www.dppireland.ie. Tugann an foilseachán achoimre ar ghnó na hOifige, lena n-áirítear na taifid a choimeádtar ann.

**2.4.4** Is féidir le daoine dul i dteagmháil leis an aonad FOItrí theileafóin ag (01) 858 8500 nó trí ríomhphost ag foi@dppireland.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist a úsáid chun iarraidh Shaoráil Faisnéise a chur isteach, ach ní féidir é a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú inmheánach nuair atá táille iarratais ag teastáil.

**2.4.5** I rith 2016, fuair an Oifig 31 iarraidh. Deonaíodh seacht n-iarraidh/ deonaíodh cuid dóibh, diúltaíodh do 23 hiarraidh agus phléadh le ceann amháin lasmuigh den FOI. Diúltaíodh do chuid acu mar nach raibh baint ag na taifid a bhí uathu le riarachán ginearálta na hOifige.

**2.4.6** Rinne iriseoirí sé hiarraidh, rinne grúpaí gnó/ suime ceithre hiarrataidh, agus rinne an pobal ginearálta an 21 iarraidh eile.

**2.4.7** Sa 23 chás inár diúltaíodh do na hiarrataidh, d'iarr beirt duine ar athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh bunaidh. Seasadh leis an gcinneadh bunaidh sa dá chás.

| Iarratas a Fuarthas 2016 | |
|---|---|
| Iarratas a diúltaíodh | 7 |
| Aontaíodh go hlomlán | 23 |
| Tarraingíodh siar/Déileáladh leis lasmuigh de Shaoráil Faisnéise | 1 |
| **IOMLÁN NA NIARRATAS** | **31** |

| Lucht Iarratais 2016 | |
|---|---|
| Iriseoirí | 6 |
| Daoine den Phobal | 21 |
| Grúpaí Gnó/Leasa | 4 |

| Cásanna Athbhreithnithe 2016 | |
|---|---|
| Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach | 2 |
| Iarratas ar Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise | 0 |

# 2.5 TUARASCÁIL BHLIANTIÚIL FAOI ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2016

## Forbhreathbnú arÚsáid Fuinnimh in 2016

**2.5.1** In 2016, d'ídighOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 1,755.84MWh d'fhuinneamh.

Tá an t-ídiú ina iomláine déanta as teas, aerchóiriú, uisce te, soilsiú, córais ríomhaire agus trealamh oifige eile inár bhfoirgnimh oifige ar Bhóthar na hOtharlainne agus Sráid an Rí Thuaidh.

Tiomsaítear an figiúr mar a leanas:

- 759.57 MWh de Leictreachas
- 996.27 MWh de Gás Nádúrtha

## Gníomhaíochtaí Curtha i gCrích in 2016

**2.5.2** In 2016, lean monatóireacht ar éifeachtúlacht fuinnimh ar aghaidh i gcomhar le comhairleoirí seachtracha agus conraitheoirí cothabhála. Glacadh na gníomhaíochtaí seo a leanas in 2016: en

- Lean monatóireacht ar Chóras Bainistíochta Ríomhairithe an Fhoirgnimh agus múchadh coirí gáis i gcomhair treimhsí le linn an tsamhraidh.
- Fuarthas coimitmint chun áiseanna monatóireachta a nuashonrú, chun suiteáil chóras bainistíocht ríomhairithe nua ag Bóthar na hOtharlainne a áirithiú.
- Rinneadh forbairt ar thograí i gcomhair bearta inslithe sna háiteanna san fhoirgneamh a bhfuil caillteanas teasa suntasach ann.
- Rinneadh forbairt ar thograí i gcomhair deisiú fuinneoige/ clár athsholáthair.

## Gníomhartha Pleanáilte 2017

**2.5.3** Na gníomhaíochtaí atá pleanáilte i gcomhair 2017 ná

- Feabhsuithe ar na rialatheoirí téacháin uisce a chur i gcrích.
- Suiteáil chóras bainistíocht ríomhairithe nua chun ídiú fuinnimh ag Bóthar na hOtharlainne a bhainistiú.
- Bearta inslithe ar forbraíodh in 2016 a chur i bhfeidhm.
- Deisiú fuinneoige/ clár athsholáthair a chur i bhfeidhm.
- Ag dul ar aghaidh le feachtas feasachta le comharthaí agus póstaeir.
- Tograí i gcomhair nuashonrú na rialaitheoirí agus na gcóras choirí ag Bóthar na hOtharlainne.

# 2.6 SCÉIM NA GAEILGE

**2.6.1** D'fhaomh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an tríú Scéim Teanga d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i mí Eanáir in 2014. Tá cóip den Scéim ar fáil ar ár suíomh idirlín ag www.dppireland.ie. Bhí an Scéim i bhfeidhm ó 2014 go 2016.

**2.6.2** In 2016, phléigh an Oifig le dhá chás cúirte san Ardchúirt as Gaeilge. Fuaireamar dhá litir agus sé ríomhphost as Gaeukge, agus tugadh freagraí as Gaeilge. Fuair ball den phainéal de Ghaeilgeoirí glaoch amháin as Gaeilge in 2016.

**2.6.3** D'fhoilsigh an Oifig trí foilseachán in 2016: an Tuarascáil Bhliantúil 2015, an Ráiteas Straitéise 2016 – 2018, agus leagan leasaithe de na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí. Foilsíodh na foilseacháin go dátheangach.

**2.6.4** Coimeádtar suíomh na hOifige agus nuashonraítear é i bhformáid dhátheangach. Déanann aistritheoirí seachtracha an suíomh idirlín a nuashonrú. Foilsítear na hathruithe ag an am céanna ar na leaganacha Gaeilge agus Béarla den suíomh idirlín.

**2.6.5** In 2016, bhreathnaigh 886 duine ar an leagan Gaeilge den suíomh idirlín. Seasann sé sin do 0.6% den mhéid daoine ar bhreathnaigh air. Seachas an leathanach baile, bhreathnaigh daoine ar na leathanacha seo a leanas as Gaeilge: Leabhráin Fhaisnéise, Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí, agus na Follúntais is Déanaí.

**2.6.6** Cuireann an tAonad Oiliúna cúrsaí oiliúna don Ghaeilge chun cinn le cinntiú go mbeidh an Oifig in ann na hoibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. D'eagraigh an tAonad Oiliúna cúrsa faoi Ghaeilge Dhlíthiúil don dara bliain i sraith. Thosaigh an cúrsa i mí na Feabhra 2016, agus bhí sé déanta as ceithre mhodúl. D'fhreastail roinnt dár bhfoireann dlí ar an gcúrsa. Clúdaíodh na hábhair seo a leanas: Téarmaíocht Dhlíthiúil, iarratais a dhéanamh sa Chúirt Dúice agus san Ardchúirt, croscheistiú a dhéanamh ar fhinnéithe as Gaeilge agus aighneachtaí a chur isteach sa Gaeilge.

# CUID 3:

## CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ

# 3.1 CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ 2016

## RÉAMHRÁ

3.1.1 Tugann an caibidil seo achoimre gearr ar chinntí cúirte sa bhliain atá tábhachtach nó suimiúil nó tá luach fasach ag baint leo i gcomhair obair ionchúisimh. Níl spás ann i gcomhair athbhreithniú cuimsitheach ar an gcásdlí go léir ó 2016, ach ba chóir do na cásanna a luaitear léargas a thabhairt don léitheoir ar na saincheisteanna a thagann aníos ó am go ham in ionchúiseamh cionta.

## TASCRADH POIST (Alt 34 an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 1967 Achomharc)

*DPP v. BA* [2016] IESC 22 ( Charleton J, O'Donnell J, 10 de mhí na Bealtaine 2016)

3.1.2 Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go raibh na Gardaí i dteideal tascradh a dhéanamh sa Ghearmáin agus beartán a oscailt in Éirinn ina raibh drugaí ann arna dhíriú chuig teach i mBaile Átha Cliath. Rinneadh seachadadh rialaithe. Ní raibh an 'tascradh' sa Ghearmáin mar chuid den 'chúrsa poist' mar a shainmhínítear faoin reachtaíocht ábhartha agus mar sin, nach raibh údárú Aire ag teastáil.

## NÍ CHOSAINT É ÉIGEANTAS AR DHÚNMHARÚ (Roinn 29 Achomhairc)

*Jonathan Dunne v. DPP* [2016] IESC 24 (O'Malley J, 12 de mhí na Bealtaine 2016)

3.1.3 Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach an prionsabal de dhlí coiteann nach féidir éigeantas a úsáid mar chosaint iomlán nó páirtchosaint ar dhúnmharú. Dhearbhaigh an Chúirt o go mbeadh athrú ar an eisiamh de dhúnmharú ón dlí coiteann chomh bunúsach sin gur féidir é a thabhairt isteach trí reachtaíocht.

## NA HACHTANNA UM MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ (AG/DPP Achomharc ón gCúirt Achomhairc)

*Bederev v. DPP* [2016] IESC 34 (Charleton J, MacMenamin J, 22 de mhí an Mheithimh 2016)

3.1.4 Chuir an Chúirt Uachtarach an breithiúnas ón gCúirt Achomhairc ar neamhní, a bhí dearbhaithe mar mhíbhunreachtúil- roinn 2(2) den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977 a thug an chumacht don rialtas catagóirí drugaí a dhearbhú mar dhrugaí 'rialaithe.' Thug an Chúirt faoi deara gur thug an tAcht 1977 treoir don rialtas maidir leis na drugaí a dhearbhú mar 'rialaithe' agus go raibh an tOireachtas fós in ann an t-údarás reachtach tarmligthe ar tugadh don rialtas san Acht chun drugaí a dhearbhú mar dhrugaí 'rialaithe.'

## MENS REA DON CHION ÉIGNITHE (Airteagal 34.4 Achomharc ón gCúirt Achomhairc)

*DPP v. CO'R* [2016] IESC 64 ( Charleton J, 16 de mhí na Samhna 2016)

3.1.5 Scrúdaigh an Chúirt Uachtarach an ghné mheabhrach d'éigniú, agus dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach, má chreid an cúisí go dáiríre, bíodh go míréasúnta, gur thug bean cead do chaidreamh collaí, in ainneoin nár thug sí cead, níl sé ciontach in éigniú. Tá fíorchreideamh ag teastáil don chosaint sin,

ámh, agus is féidir le giúireciall agus critéir oibiachtúla agus cinneadh á dhéanamh acu má chreideann siad maíomh an chúisí faoi chreideamh contráilte.

## SAINMHÍNIÚ ARPHORNAGRAFAÍOCHT LEANAÍ (Achomharc ar Chiontú)

***Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Mulligan* [2016] IECA 79 (Mahon J, 18 de mhí na Feabhra 2016)**

**3.1.6** Rialaigh an Chúirt Achomhairc go raibh ráiteas, ar tháinig ón meaisín Evidenzer, 'arna gcomhlánú go cuí' de réir bhrí roinn 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010, d'ainneoin gur imigh sé ón bhformáid atá leagtha amach sna Rialacháinábhartha a chuir in iúl go raibh sé riachtanach an ráiteas a thabhairt as Gaeilge agus as Béarla. Bhraith an Chúirt ar roinn 12 den Acht Léiriúcháin agus dúirt an Chúirt nach raibh tionchar ag an athrú ar bhunús na foirme agus nach raibh ann san easnamh ach athrá ar an bhfaisnéis as Gaeilge.

## DEIMHNITHE DO THIOMÁINT FAOI THIONCHAR DÍ (Cás Sonraithe)

***Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Avadenei* [2016] IECA 136 (Sheehan J,10 de mhí na Bealtaine 2016)**

**3.1.7** Rialaigh an Chúirt Achomhairc go raibh ráiteas, ar tháinig ón meaisín Evidenzer, 'arna gcomhlánú go cuí' de réir bhrí roinn 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010, d'ainneoin gur imigh sé ón bhformáid atá leagtha amach sna Rialacháinábhartha a chuir in iúl go raibh sé riachtanach an ráiteas a thabhairt as Gaeilge agus as Béarla. Bhraith an Chúirt ar roinn 12 den Acht Léiriúcháin agus dúirt an Chúirt nach raibh tionchar ag an athrú ar bhunús na foirme agus nach raibh ann san easnamh ach athrá ar an bhfaisnéis as Gaeilge.

## FIANAISE (Achomharc ar Chiontú)

***Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Harty* [2016] IECA 142 (Sheehan J, 10 de mhí na Bealtaine 2016)**

**3.1.8** Mhaígh an t-iarratsaóir gur sháraigh an t-admháil san fhianaise, i rith a ionchúisimh i gcomhair cion de thiomáint neamhaireach is cúis le bás, tuairisc thocsaineolaíocht bainteach leis an leibhéal alcóil ina fhuil a cheart bunreachtúil chun príobháideachta. Rialaigh an Chúirt Achomhairc gur sháraigh suim an phobail sna Gardaí ag fiosrú coire tromchúisí amhrasta an maíomh. Ba chur isteach comhréireach é an fiosrúchán don cheart príobháideachta.

## EISIAMH FIANAISE (Achomharc ar Chiontú)

***Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Flanagan* [2016] IECA 180 (Mahon J, 14 de mhí an Mheithimh 2016)**

**3.1.9** Ciontaíodh an t-achomharcóir as dúnmharú agus d'áitigh sé san achomharc gur chóir don chúirt trialach fianaise ar leith a eisiamh, lena n-áirítear na hearraí a urgabhadh agus ráitis a thug sé agus a fuair na Gardaí nuair a chuaigh siad isteach i dteach ina raibh an t-amhomharcóir ag fanacht. Dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc don áitiú go raibh sárú ar chearta bunreachtúla an acomharcóra mar nach raibh an teach a ghnátháit chónaithe agus in ainneoin gur amhrastach a bhí san achomharcóir ag an am, ní raibh aon rún ann chun é a ghabháil, mar sin, ní raibh ar na Gardaí rabhadh reachtúil a thabhairt dó.

## EISIAMH GIÚRÓIRÍ (Achomharc ar Chiontú)

***Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Warren* [2016] IECA 198 (Mahon J, 04 de mhí Iúil 2016)**

**3.1.10** Sheas an Chúirt Achomhairc le cinneadh ó bhreitheamh trialach chun daoine a raibh cónaí orthu in áiteanna i mBaile Átha Cliath, ina

raibh an t-amharcóir agus daoine eile sa triail, bainteach leo, a eisiamh ó phaineál giúróirí féideartha.

## "AG TIOMÁINT GAN ÁRACHAS" DÍCHÁILIÚCHÁIN (Cás sonraithe)

***Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Skillington*** **[2016] IECA 289 (Birmingham J, 13 de mhí Dheireadh Fómhair 2016)**

**3.1.11** Ciontaíodh an t-amharcóir as a bheith ag tiomáint gan árachas agus dícháilíodh é ar feadh dhá bhliain. Rinne sé achomharc in aghaidh dhéine an chinnidh agus d'áitigh sé in aghaidh an dícháilithe mar gheall ar an lagú ar a shlí bhreatha, a bhí ceadaithe faoin dlí. Dúirt an Chúirt Achomhairc nach raibh deacrachtaí bainteach le fostaíocht go leor chun áiteamh in aghaidh dícháilithe.

## ÉIGEANTAS (Achomharc ar Chiontú)

***Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Gleeson*** **[2016] IECA 332 (Mahon J, 14 de mhí na Samhna 2016)**

**3.1.12** Ciontaíodh an t-amharcóir as cúig scór drugaí rialaithe ina sheilbh. Mhaígh sé gur chuir an breitheamh trialach an giúiré amú maidir leis an gcosaint éigeantais. Dúirt an Chúirt Achomhairc nach bhfuil an scrúdú le fáil amach an bhfuil an t-éigeantas thuasluaite leodhóthanach chun éigiontaigh oibiachtúil, agus níl sé go huile is go hiomlán suibiachtúil. Caithfidh gné ón dá chineál scrúdú a áireamh chun cúinsí uathúla an duine atá ag déanamh iarrachta an chosaint a agairt a chur san áireamh.

## CÚISEANNA AN DPP GAN DUINE A IONCHÚISEAMH (Athbhreithniú Breithiúnach)

***Marques v. Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*** **[2016] IECA 373 (Peart J, 12 de mhí na Nollag 2016)**

**3.1.11** Bhí an t-amharcóir ag lorg orduithe chun cinneadh an Stiúrthóra,gan é a ionchúiseamh, a chur ar neamhní agus iachall a chur ar an Stiúrthóir cúiseanna a thabhairt maidir lena chinneadh i gcúinsí ina mbeadh ionchúiseamh in Éirinn bac ar a eiseachadadh chuig na Stáit Aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar chúisimh. Rialaigh an Chúirt Achomhairc nach raibh cinneadh an Stiúrthóra gan é a ionchúiseamh in-athbhreithnithe agus nach raibh ar an Stiúrthóir cúiseanna a thabhairt dá cinneadh.

## GLAIS LÁMH A CHUR AR AMHRASTAIGH DE THIOMÁINT FAOI THIONCHAR AN ÓIL (Cás Sonraithe)

***DPP v. Pires, Corrigan, Gannon*** **[2016] IECA 413( Mahon J, 21 de mhí na Nollag 2016)**

**3.1.11** D'áitigh na hamharcóirí go raibh a ngabhálacha i gcomhair 'tiomáint faoi thionchar an óil' mídhleathach mar go gcuireadh glais lámh orthu. D'easaontaigh an Chúirt Achomhairc. Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc go raibh an scrúdú ceart suibiachtúil go réasúnta, go raibh ar an mBreitheamh sa Chúirt Dúiche a bheith sásta go ndearna an Garda gabhála fíormheasúnú, bíodh go suibiachtúil, ar ghéarghá an tsuímh agus gur ghníomhaigh an Garda ar bhunús an mheasúnaithe sin agus ní ar bhunús polasaí lom chun glais lámh a úsáid.

## ÁRACHAS (Athbhreithniú Breithiúnach)

***Ighovojah v. DJ Smith [2016] IEHC 505 (Noonan J, 7 de mhí Aibreáin 2016)***

**3.1.15** Athbhreithniú breithiúnach. Coimeádtar ciontú an iarratasóra i gcomhair tiomáint gan árachas i gcúinsí nuair a fuair sé polasaí árachais gan é a nochtadh gur tiománaí dícháilithe a bhí ann. Eisíodh an polasaí árachais faoi réir an choinníll go bhfuil ar an duine atá ag cur isteach air ceadúnas tiomána bailí a bheith aige.Fuair an Ard-Chúirt amach nár thug an polasaí árachais árachais don iarratasóir mar nach polasaí árachais 'faomhaithe' atá ann faoi roinn 56 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, mar nach raibh ar an gcuideachta árachais é a shlánú.

## ROINN 2A ACHT UM BANNAÍ 1997 (Habeas Corpus)

***McDonald v. Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar* [2016] IEHC 292 (MacEochaidh J, 27 de mhí Aibreáin 2016)**

**3.1.16** Dhearbhaigh an Ard-Chúirt go raibh roinn 2a den Acht um Bannaí 1997, a thugann cead d'Ard-Cheannfort fianaise tuairime a thabhairt, bunreachtúil. Foráiltear leis an roinn go bhfuil cead ar fhianaise tuairime ó Ard-Cheannfort in éisteacht bhannaí, is féidir leis an gCúirt glacadh le nó diúltaigh don fhianaise sin. Thug an Chúirt dá haire go mbeadh an roinn sin míbhunreachtúil dá dtabharfadh sé cead do chúirt diultiú do bhannaí bunaithe ar fhaisnéis faoi phribhléid, ag cur le bunús thuairim an Ard-Cheannfoirt agus i gcás nach bhfuil croscheistiú féideartha.

## BREITH IN ABSENTIA (Athbhreithniú Breithiúnach)

***White v. DPP* [2016] IEHC 258 (Barrett J, 26 de mhí Bealtaine 2016)**

**3.1.17** Ciontaíodh an t-iarratasóir as cionta tráchta ar bhóithre. Scoireadh a chás cúpla huair i gcomhair pianbhreith. Bhí sé feasach faoi na dátaí cuirte ach theip air freastail orthu agus níor thug sí míniú dá neamhláithreacht. Gearradh téarma priosúnachta air agus é neamhláithreach. D'áitigh sé gur chóir barántas binse a eisiú. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt an breith a chur ar neamhní mar gur tugadh gach deis dó freastail ar a éisteacht breithe. Bhí an cás seo éagsúil le *Jason O'Brien v. DPP* [2016] IESC 4, (Charleton J, 11 de mhí na Feabhra 2016) bunaithe ar a fhíricí.

## ROINN 99 – GAN LEAS CÚLGHABHÁLACH (Habeas Corpus)

***Foley v. Gobharnóir Phríosún Phort Laoise* [2016] IEHC 334 (McDermott J, 14 de mhí an Mheithimh 2016)**

**3.1.18** Rinne an t-iarratasóir iarracht braith ar an gcinneadh *Moore v. DPP* [2016] IEHC 244 (Moriarty J, 19 de mhí Aibreáin, 2016) a chur roinn 99(9) agus (10) den Achtum Cheartas Coiriúil 2006 ar ceal. Chúlghair an Chuirt Achomhairc a phianbhreithe ar fionraí mar thoradh ar chiontaithe eile sa Chúirt Dúiche. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt don iarratas, ag cur an phrionsabail *A v. Gobharnóir Phríosún Chnoc an Arbhair* [2006] 4 IR 88i bhfeidhm. Ní raibh an t-iarratasóir i dteideal ar leas cúlghabhálach na reachtaíochta, a dearbhaíodh mar mhíbhunreachtúil. Thug an Ard-Chúirt dá haire gur phléadáil an t-iarratasóir ciontach san achomharc maidir leis na cionta sa Chúirt Dúiche. Cuireadh an cinneadh in *Clarke v. Gobharnóir Phríosún Mhuinseo*[2016] IESCDET 122 (Denham CJ, Charleton agus O'Malley JJ) i bhfeidhm.

## PIANBHREITH IN ABSENTIA (Habeas Corpus)

***Sandra Maguire v. Governor of Dochas Centre* [2016] IEHC 378 (Eager J, 30 de mhí an Mheithimh 2016)**

**3.1.19** Dhearbhaigh an Ard-Chúirt go raibh breitheamh achomhairc sa Chúirt Dúiche i dteideal ciontú agus pianbhreith Chúirt Dúiche an iarratasóra a dhearbhú mar thoradh ar a cliseadh chun a hachomharc a ionchúiseamh. Bhí an t-iarratasóir ann sa Chúirt Chuarda ar an gcéad dáta ach níor fhreastail sí ar na dátaí eile. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt, i gcúinsí an cháis seo, nach raibh éisteacht de novo ag teastáil agus ní raibh ar an mbreitheamh sa Chúirt Chuarda seirbhís pobail a mheas mar ailtéarnach ar phríosúnacht.

## DIÚLTÚ DO CHOSC – MOILL (Athbhreithniú Breithiúnach)

***JH v. DPP* [2016] IEHC 509 (White J, 29 de mhí Dheireadh Fómhair 2016)**

**3.1.20** Ciontaíodh an t-iarratasóir le naoi gcion d'ionsaí mígheanasach, a mhaítear arna tarlú idir 1972 agus 1987. Rinne sé iarracht cosc a chur ar a thriail ar na forais mhoille i gcomhair réamhghearán. Diúltaíodh dá iarratas. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt nach raibh líomhain de réamhchlaonadh ginearálta bunaithe ar mhoill leordhóthanach i gcomhair

cosc. Dhearbhaigh sé chomh maith go raibh an breitheamh trialachsa riocht is fearr chun dul i ngleic le haon réamhchlaonadh a bhí líomhnaithe mar thoradh ar an moill. D'fhéadfadh an breitheamh trialach, mar shampla, an cás a tharraingt siar ón ngiúiré más gá.

## DIÚLTÚ DO CHOSC (Athbhreithniú Breithiúnach)

***B.S. v. DPP* [2016] IEHC 548 (McDermott J, 7 de mhí Dheireadh Fómhair 2016)**

**3.1.21** Ciontaíodh an t-iarratasóir as cionta éignithe, a mhaítear arna tarlú in 1970 nuair a bhí sé sé bliana déag d'aois. Rinne sé iarracht ordú coisc a fháil, ag áiteamh nach bhfaigheadh sé triail chothrom mar gur fuair triúr príomhfhinné bás. Diúltaíodh dá iarratas. Ní raibh an Ard-Chúirt cinnte go raibh na finnéithe básaithe ábhartha. D'fhéadfadh an breitheamh trialach dul i ngleic leis an ábhar trí threoracha oiriúnacha a thabhairt don ghiúiré nó trí stop a chur leis an triail, má cheapann an Breitheamh go bhfuil baol trialach cothroime mar thoradh ar na finnéithe ar iarraidh.

## GAN ÁRACHAS (Cás Sonraithe)

***DPP v. Opach* [2016] IEHC 583 (Twomey J, 25 de mhí Dheireadh Fómhair 2016)**

**3.1.22** Ciontaíodh an t-achomharcóir le bheith ina úinéir ar fheithicil a bhí á tiomáint ag duine eile agus ní raibh an feithicil clúdaithe faoi 'pholasaí árachais faomhaithe.' Dhearbhaigh an Ard-Chúirt, ar mhodh cáis shonraithe, go raibh an t-achomharcóir ciontach as an gcion sna cúinsí ina raibh úsáideoir na feithicle (a mhac) ag tiomáint le ceadúnas brionnaithe. Cheangail an polasaí árachais go raibh cead ag sealbhóir ceadúnais bhailí amháin an fheithicil a thiomáint. Mar nach raibh ceadúnas bailí ag an tiománaitheoir, ní raibh polasaí árachais faomhaithe ag an achomharcóir faoi roinn 56(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (arna leasú) mar nach raibh ceanal dlíthiúil ar an gcuideachta árachais an t-amharcóir a shlánú.

# 3.2 ÍOSPARTAIGH COIREACHTA

**3.2.1** Ar an 16 Samhain 2015, tháinig éifeacht le Treoir AE 2012/29. Bunaíonn an Treoir bunchaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh coireachta.

**3.2.2** Faoin Treoir, tá cearta ar leith ag íospartaigh um fhaisnéis. Tá cearta nós imeachta acu le linn imeachtaí cúirte. Sainmhínítear íospartach sa treoir mar dhuine a ndearnadh díobháil dó, lena n-áirítear díobháil fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach nó caillteanas eacnamaíoch, mar thoradh ar chion coiriúil, nó bás bhall teaghlaigh mar thoradh ar chion coiriúil agus ndearnadh díobháil dó mar thoradh ar an mbás sin.

**3.2.3** Sular tháinig Treoir na nÍospartach i bhfeidhm, thug an Oifig seo, ó mhí Dheireadh Fómhair 2008, cúiseanna do chinntiú gan daoine a ionchúiseamh, do theaghlaigh íospartach i gcásanna marfacha amháin. Fuarthas 97 n-iarraidh ina iomláine idir Deireadh Fómhair 2008 agus Samhain 2015. As na 97 n-iarraidh sin, bhí 64% bainteach le teagmhais trácht bóithre marfacha.

| Iarrataí i gcomhair Cúiseanna i gCásanna Marfacha | |
|---|---|
| **Deireadh Fómhair 2008 go Samhain 2015** | |
| Deonaíodh | 92 |
| Diúltaíodh | 4 |
| Tarraingthe Siar | 1 |
| Ar Feitheamh | 0 |
| **TOTAL** | **97** |

**3.2.4** Ó gur tháinig Treoir na nÍospartach i bhfeidhm, tá ceart ag íospartaigh ar achoimre ar na cúiseanna gan ionchúiseamh a dhéanamh sna cásanna go léir ina ndearnadh cinneadh ar nó i ndiaidh 15 de mhi na Samhna 2015, faoi réir eisceachtaí teoranta. Mar chuid den treoir, tá íospartach i dteideal iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh nach ndéantar ionchúiseamh ann. Déanann dlíodóir, nach raibh bainteach leis an gcinneadh bunaidh, an t-athbhreithniú. Tugann na cairteacha 3.2.1 go 3.2.4 an méid iarrataí i gcomhair cúiseanna agus athbhreithnithe a fuarthas ó 16 de mhí na Samhna 2015 agus na príomhchatagóirí cionta.

**3.2.5** Bhunaigh an Oifig seo Aonad Idirchaidreamh um Chumarsáid agus Íospartaigh i mí Iúil 2015. Tá an tAonad freagrach as cinntiú go gcomhlíonann an Oifig seo a n-oibleagáidí maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartach mar atá leagtha amach sa treoir.

**3.2.6** Téann an tAonad i ngleic leis na hiarrataí go léir i gcomhair cúiseanna agus athbhreithnite a fuarthas ó íospartaigh coireacht. Cuireann an fhoireann san Aonad seirbhís faisnéise ar fáil a théann i ngleic leis an Aonad trí theileafóin. Scríobh an tAonad dhá leabhrán faisnéise i gcomhair íospartaigh faoi 'Conas a dhéanaimd cinntí' agus 'Conas iarraidh a dhéanamh ar chúiseanna agus athbhreithnithe'. Tá an dá leabhrán ar fáil sa roinn 'Íospartaigh agus Finnéithe' ag an suíomh idirlín ag www.dppireland.ie.

**3.2.7** Ag am scríbhneoireachta, níor aistríodh an treoir sa dlí náisiúnta. Nuair atá reachtaíocht ann, déanfaidh an Oifig seo athbhreithniú ar struchtúir reatha agus nósanna imeachta chun cinntiú go gcloíonn siad le reachtaíocht agus go bhfuilimid in ann caighdeáin agus cáilíocht seirbhíse a chur ar fáil d'íospartaigh.

## CUR I BHFEIDHM NA TREORACH Ó AE

Tháinig Treoir 2012/39 AE i bhfeidhm an 16 de mhí na Samhna 2015. Faoin treoir tá ceart ag íospartaigh ar achoimre cúiseanna gan ionchúiseamh a dhéanamh sna cásanna go léir ina ndearnadh cinneadh ar nó i ndiaidh 15 de mhí na Samhna 2015, faoi réir eisceachtaí teoranta. Tá ceart ag íospartaigh iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh nach ndéantar ionchúiseamh ann.

Leagann na cairteacha thíos 3.2.1 and 3.2.2 an méid iarrataí i gcomhair achoimre ar na cúiseanna a fuarthas ó gur tháinig an treoir i bhfeidhm, agus na catagóirí cionta sna hiarrataí sin.

### CAIRT 3.2.1 IARRATAÍ AR ACHOIMRE AR CHÚISEANNA

| Mí na Samhna 2015 go mí Deireadh Fómhair 2017 | |
|---|---|
| Na cúiseanna a tugadh | 977 |
| Na cúiseanna a diúltaíodh | 136 |
| Ar feitheamh | 67 |
| **IOMLÁN iarrataí i gcomhair cúiseanna a fuarthas** | **1,180** |

Áireofaí samplaí de chásanna inár diúltaíodh dóibh iarrataí bainteacha le cinntí a rinneadh roimh 16 de mhí na Samhna 2015, nó go mbeadh tionchar acu ar chás cúirte sa todhchaí.

### CAIRT 3.2.2 CATAGÓIRÍ CIONTA A BHÍ FAOI RÉIR IARRATAÍ I GCOMHAIR CÚISEANNA



Leagann Cairteacha 3.2.3 agus 3.2.4 thíos an méid iarrataí i gcomhair athbhreithniú a fuarthas ó gur tháinig an treoir i bhfeidhm, agus na catagóirí cionta sna hiarrataí sin.

## CHART 3.2.3 IARRATAÍ I GCOMHAIR ATHBHREITHNIÚ AR CHINNEADH GAN IONCHÚISEAMH A DHÉANAMH

| Mí na Samhna 2015 go mí Deireadh Fómhair 2017 | |
|---|---|
| Cinntí bunaidh | 344 |
| Cinntíbunaidh a cuireadh ar ceal | 8 * |
| Iarrataí neamhbhailí | 34 |
| Ar feitheamh | 32 |
| **IOMLÁN requests for review received** | **418** |

Áireofaí iarraidh neamhbhailí, mar shampla, iarraidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh a rinne An Garda Síochána agus ní Oifig an DPP.

* Bhain trí chinneadh le trí ghearánaí i gcás amháin.

## CHART 3.2.4 CATAGÓIRÍ CIONTA A BHÍ INA NAÁBHAIR D'IARRATAÍ ATHBHREITHNITHE



# 3.3 21ú COMHDHÁILBHLIANTÚIL & CRUINNIÚ GINEARÁLTA AN IAP




**Labhair Claire Loftus, Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, le toscairí ag searmanas oscailte 21ú Comhdháil Bhliantúil agus Cruinniú Ginearálta Chumann Idirnáisiúnta Ionchúisitheoirí(IAP)- 11 de mhí Mheán Fómhair 2016**

**3.3.1** Is é Cumann Idirnáisiúnta Ionchúisitheoirí (IAP) an t-aon chumann idirnáisiúnta amháin d'ionchúistheoirí. Bunaíodh é in 1995 agus anois tá níos mó ná 172 bhall eagrúcháin ó níos mó ná 171 tír, chomh maith le roinnt ball aonair chomh maith. Is ball eagrúcháin é Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí in Éirinn den IAP. I mí Mheán Fómhair, d'óstáil an Stiúrthóir Claire Loftus 21ú Comhdháil Bhliantúil agus Cruinniú Ginearálta an IAP sa Lárionad Coinbhinsiúin Bhaile Átha Cliath. Ba ócáid mheasúil a bhí ann, don Oifig agus d'éirinn, le níos mó ná 500 toscairí as áiteanna eile ar fud na cruinne ann.

**3.3.2** Ba é téama na comhdhála 'An tIonchúisitheoir agus an tImscrúdaitheoir'. Is ábhar tábhachtach é d'ionchúisitheoirí ar fud na cruinne agus chuir an chomhdháil deis ar fáil chun an caidreamh idir ionchúisitheoirí agus imscrúdaitheoirí i ndlínsí éagsúla a scrúdú agus taithí a roinnt. Tháirg Comhairle Ghinearálta an IAP, Rasmus H. Wandall,Tuarascáil Toraidh ar chríochnú na comhdhála thugann achoimre ar na cainteanna ag an gcomhdháil agus na cuspóirí a dhéanfaidh an Cumann iarracht a bhaint amach sa todhchaí.

## TUARASCÁIL TORAIDHAR AN 21Ú COMHDHÁIL BHLIANTÚIL AGUS CRUINNIÚ GINEARÁLTA AN IAP

**3.3.3** Ba é príomhchuspóir na Comhdhála chun ionchuisitheoirí, seirbhísí ionchúisimh agus cumainn ionchúisimh a thabhairt le chéile i scrúdú domhanda ar an gcaidreamh idir ionchúisitheoirí agus imscrúdaitheoirí. Thar cúig lá, le seisiúin iomlánacha agus eochairchainteanna, ceardlanna agus cruinnuithe grúpaí dírithe ar spéiseanna ar leith, tháinig 544 hionchúisitheoirí le chéile ó 89 tír ó 6 mhór-roinn i gcaint chomparáideach thairbheach faoin gcaidreamh casta idir imscrúdaitheoir agus ionchúisitheoir agus na réimsí substainteacha dlí choiriúil ina gcleachtaítear é. Chuir an méid is mó ionchúisitheoirí- 102- agus daoine gairmiúla

eile leis an glcár comhdhála gairmiúla. Tá na tuarascálacha agus ionchuir chuig seisiúin na comhdhála ar fáil ar shuíomh idirlín an IAP.

## AN CAIDREAMH IDIR IONCHÚISITHEOIR AGUS IMSCRÚDAITHEOIR

**3.3.4** Bheadh sé go maith dúinn cuimhniú ar thomhas agus éagsúlacht ár bpobail dhomhanda. Clúdaíonn sé níos mó na 175 dlínse, agus tá gné chasta chomparáideach riachtanach chun gach rud a eagrú: cainteanna ar céard atá i gceist maidir leis an gcaidreamh idir ionchúisitheoirí agus imscrúdaitheoirí, conas an caidreamh sin a eagrú, conas cleachtas laethúil a eagrú sa bhaile agus go hidirnáisiúnta agus conas a chinntiú go bhfeictear caighdeáin chearta daonna go dtí an triail. Tá gach traidisiún dlíthiúil sa domhan bainteach ann, chomh maith le seirbhísí ionchúisimh atá eagraithe faoi chultúir pholaitiúla éagsúla. Is coinníoll é seo agus tá na hionchúisitheoirí feasach faoi. Téimid i ngleic le ceisteanna nach eol dúinn inár n-obair laethúil. Dár ndóigh, is aschur suntasach é na comhdhála gur tháinig an méid sin ionchúisitheoirí sároilte ó áiteanna éagsúla ar fud na cruinne le chéile i gcomhair cúig lá de sheisiúin chun an caidreamh idir ionchúisitheoir agus imscúdaitheoir a phlé óna bpeirspictíocht agus a dtaithí sa bhaile agus thar lear.

**3.3.5** Tá ceachtanna sonracha agus ginearálta le tógáil ó chur i láthair agus cainteanna na comhdhála. Is cinnte go ndeachaigh gach toscaire abhaile lena ceachtanna/ cheachtanna féin ón gcomhdháil. Anseo, luafaimid ceithre phointe ginearálta ar ghlac an IAP ó chainteanna na comhdhála agus na pointí a thógfaidh siad isteach ina n-obair sa todhchaí:




Claire Loftus, Director of Public Prosecutions, with Gerhard Jarosch, President of IAP at the Conference Closing Ceremony

**i)** Ar an gcéad dul síos, inár gcláracha gairmiúla, ba chóir dúinn níos mó a dhéanamh chun peirspictíocht ionchúisitheoirí agus imscrúdaitheoirí a thabhairt isteach. Baineann sé sin lenár gcláracha sna réimsí sa bhaile, trasnáisiúnta agus ceartas coiriúil idirnáisiúnta.

**ii)** Pé creat eagrúcháin atá i gceist,tá raon ann i gcomhair feabhas i ngach réimse dlí choiriúil chun comhoibriú comparáideach idir an t-ionchúisitheoir agus an t-imscrúdaitheoir- ach ceann a thugann deis i gcomhair seiceálacha institiúideacha agus cosaint cearta daonna i rith an imscrúdaithe ar leith.

**iii)** In imscrúdú agus ionchúiseamh cásanna, tá an tasc deacair chun na feidhmeanna a choimeád neamhspléach ó bhrú polaitiúil i roinnt dlínsí. Tá ról lárnach ag an ionchúisitheoir ag dul i ngleic leis an dúshlán sin, gan trácht ar leagan amach na gcreatlach eagrúcháin.

**iv)** Tá fós riachtanas i gcomhair comhoibriú trasteorann tapa idir ionchúisitheoirí, agus caithfimid níos mó fuinnimh a infheistiú chun tacú leis na próisis Chomhchúnamh Dlí. Ba chóir aird ar leith a tharraingt ar phróisis níos éifeachtúla chun cúnamh dlí a fháil ó sholáthróirí réigiúnacha agus domhanda- soláthróirí atá eirimiúil agus a bhfuil fianaise acu chun dul chun cinn a dhéanamh i gcásanna coiriúla. Beidh sé riachtanach bealaí a oibriú amach chun obair a dhéanamh leis na soláthróirí cumarsáide seo.

## TORTHAÍ PRAITICIÚLA EILE NA COMHDHÁLA

**3.3.6** D'óstáil an Chomhdháil gréasáin speisialaithe agus pobail, ar dhírigh ar sheisiúin cheardlainne maidir le dul i ngleic le dúshláin agus dea-chleachtais:

- Fóram um Cheartas Coiriúil Idirnáisiúnta (FICJ)
- Ionchúiseamh  Conflict Related Sexual Violence (PSV)
- Ionchúisitheoirí Domhanda-Gréasán E-Coireacht (GPEN)
- Gréasán d'Ionchúisitheoirí in aghaidh Éillitheachta (NACP)
- Gréasán d'Ionchúisitheoirí Frithsceimhlitheoireachta (CTPN)
- Ardán Gainneála Daoine (TIPP)
- Gréasán do Chumann Ionchúisitheoirí
- Clár Malairte Ionchúisitheoirí (PEP)
- Gréasán Ionchúisimh Mhíleata (trialach)
- Gréasán Ionchúisimh Timpeallachta (trialach)

**3.3.7** Bhí an freastal ar na ceardlanna sin an-mhór. Chuir gach gréasán speisialaithe fáilte roimh neart ball nua sa ghréasáin dhomhanda. Sa NACP, leag bord rialaithe láidir amach treoir na hoibre don bhliain atá ag teacht. Anuas air sin, chuir Oifig Choróin na hAlban agus an Prócadóir Fioscach aschur staidéir chomparáidigh ar dhea-chleachtais sa bhaile maidir le téarnamh sócmhainní. D'óstáil an CTPN seisiún speisialta ar maidin chun a chuspóir a bhogadh ar aghaidh chun córas tacaíochta domhanda chun éifeachtúlacht Chomhchúnamh Dhlí a mhéadú i bhfiosrúcháin fhrithsceimhlitheoireachta agus ionchúisimh, agus iarrataí cúnaimh a rinneadh chuig soláthróirí cumarsáide príobháideacha. Is comhoibriú é an tionscnamh idir Stiúrthóireacht Fheidhmiúcháin Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe agus Oifig na Náisiún Aontaithe ar Dhrugaí agus Coireacht. Den chéad uair, tháinig ionchúisitheoirí míleata an domhain le chéile chun ceisteanna domhanda a phlé agus féidearthacht gréasán gairmiúil a chur ar bhonn foirmiúil faoi chreatlach an IAP. Den chéad uair, d'óstáil an IAP cruinniú ionchúisitheoirí speisialaithe i gcoireacht timpeallachta chun féidearthacht crealach den chineál sin a chur ar bhonn foirmiúil. Tháinig aschur dearfach as an dá chruinniú.



Rasmus H. Wandall
Comhairle Ghinearálta an IAP

**3.3.8** Tá sábháilteacht agus slándáil na n-ionchúisitheoirí ag croí ghníomhaíochtaí an IAP agus sheas Baile Átha Cliath do gharsprioc thábhachtach. Chuir Carl Prophet (Ceanada), ar chuir Paula Llewellyn i láthair é, treoirshuirbhé 2016 na n-ionchúisitheoirí i láthair maidir le peirspictíocht na n-ionchúisitheoirí ar a sábháilteacht agus slándáil sa seisiún iomlánach.

**3.3.9** Tharla síniú an chéad mheamraim um Tuiscint idir an IAP agus Cumann Ionchúisitheoirí na hAfraice ag an gcomhdháil, chun ár gcomhoibriú chun ár gcomhchuspóirí a neartú.

**3.3.10** Chonaic an IAP chomh maith gur úsáideadh an chomhdháil chun cruinnithe déthaobhacha idir seirbhísí ionchúisimh ó

gach réigiún ar fud na cruinne a eagrú. Is cuid an-tábhachtach é den chruinniú bliantúil agus den chomhdháil chun na cruinnithe déthaobhacha seo a eagrú agus ba aschur tábhachtach é don IAP an méid cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

## CONAS A FHEICTEAR NA HASCHUIR SIN I GLCÁR-OIBRE AN IAP DON BHLIAIN ATÁ AG TEACHT?

**3.3.11** Sa trí bhliain eile atá ag teacht, 2016-2018,déanfaidh an IAP iarracht trí chuspóir a bhaint amach ina chláracha:

- Tar ionchúisitheoirí le chéile go domhanda
- Caighdeán Chleachtas Ionchúisimh a ardú go domhanda
- Beocht a chur i gcaighdeáin IAP

**3.3.12** Tá roinnt aschur ón gcomhdháil Bhaile Átha Cliath bainteach leis na cuspóirí lárnacha seo. Tá an clár i gcomhair 2016-2018 leis na tosaíochtaí i gcomhair 2017 ar shuíomh idirlín an IAP.  Cé go spreagaim tú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár gairmiúil, tugtar aird ar na cuspóirí seo a leanas:

- Cuirfidh an IAP córas níos éifeachtúla i bhfeidhm chun bunachar sonraí teagmhála an IAP a nuashonrú agus déanfaidh sé an bunachar sonraí a nuashonraí agus an fhaisnéis theagmhála. Is é an cuspóir 25% den nuashonrú a chur i gcrích i mí Mheán Fómhair 2017.
- Méadóidh an IAP agus neartóidh sé na gréasáin speisialaithe agus pobail a rinneadh le ceithre bhliain anuas. Tá sé ar intinn againn boird rialaithe a bhunú do ghréasáin fheidhmiúcháin speisialaithe agus pobail agus chun bunús ballraíochta a mhéadú do na trí ghréasán is nuaí: CTPN agus NACP agus an Gréasán Ionchúisimh Mhíleata.
- Éascóidh an IAP críochnú an lámhleabhair dea-chleachtais do Chomhchúnamh Dlí i mí Mheán Fómhair 2017.
- Cuirfidh an IAP clár i láthair do cúrsa speisialaithe nua d'ionchúisitheoirí chuig an gCoiste Feidhmiúcháin i mí Mheán Fómhair 2017.
- Déanfaidh an IAP suirbhé faoi shábháilteacht agus slándáil ionchúisitheoirí i réigiúnacha ar fud na cruinne. Cuirfidh na torthaí i láthair ag an gComdháil Bhliantúil in Beijing i mí Mheán Fómhair 2017. Déantar é sin chun tábhacht shábháilteacht agus shlándáil ionchúisitheoirí a léiriú agus an gá chun uirlisí a fhorbairt atá bunaithe ar riachtanais ionchúisitheoirí agus údarás ionchúisimh chun ionchúisitheoirí a chosaint.
- Díreoidh an IAP ar an dúshlán de chur isteach polaitiúil ar ionchúisitheoirí agus seirbhísí ionchúisimh. Cuirfidh an IAP tús le forbairt treorlínte dea-chleachtais, ag tabhairt aghaidh ar conas dul i ngleic leis na dúshláin seo agus neamhspléachas polaitiúil a fháil agus freagracht dhlíthiúil igcleachtas ionchúisimh.

***Rasmus H. Wandall***
***Comhairle Ghinearálta an IAP***

# CUID 4:

## STAITISTICÍ

# STAITISTICÍ

## Nóta Mínithe i nDáil le Staitisticí

**4.1** Tá Cuid 4 briste síos i dtrí roinn ar leith

- Cairt 1 go dtí Cairt 5 (Cuid 4.1) a bhaineann le comhaid a theacht isteach san Oifig agus lena n-áirítear mionsonraí faoi chineálacha na dtreoracha a tugadh;
- Cairt 6 go dtí Cairt 10 (Cuid 4.2) ina dtugtar mionsonraí faoi thorthaí na gcásanna a ndearna an Stiúrthóir ionchúiseamh ar díotáil ina leith maidir leis na comhaid sin a tháinig faoi bhráid na hOifige idir an bhliain 2010 agus an bhliain 2012.
- Soláthraíonn Cairteacha 11 go 14 (Cuid 4.3) mionsonraí faoi iarratais a rinneadh chuig na Cúirteanna i ndáil le hachomhairc i gcásanna coiriúla, i ndáil le hathbhreithnithe ar phianbhreitheanna ar fhoras trócaire míchuí, i ndáil le coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla, agus i ndáil le Barántais Gabhála Eorpacha.
- Soláthraíonn Cairt 15 (Cuid 4.4) mionsonraí faoi ullmhú/eisiúint Iarrataí ar Eiseachadadh (eiseachadadh a lorg i gcás daoine nach bhfuil i láthair i mballstáit a thagann faoi réim an Bharántas Gabhála Eorpaigh).
- Tugann Cairt 16 (Cuid 4.5) mionsonraí ar iarratais ar chúnamh dlí frithpháirteach a phróiseáil Oifig an an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**4.2** Baineann gach idirdhealú de réir na mblianta sna táblaí staitistice leis an mbliain ar tháinig an comhad faoi bhráid na hOifige. Is é cúis atá le heolas a ríomh chomh fada siar i gcairteanna 6 go dtí 10 ionas go dtugtar san áireamh an tréimhse ama a bhíonn caite idir cinneadh ionchúiseamh a thioncsnamh agus an tráth a dtugtar breith cúirte. Dá mbeifí le staitisticí a chur ar fáil i ndáil le torthaí chásanna na bliana 2016, bheadh sciar mór de na cásanna á rangú go fóill mar chásanna atá le héisteacht agus is beag fiúntais a bheadh leis na staitisticí. Ní gá gur léiriú ionadaíoch an léargas ar chásanna a éistítear tamall gairid tar éis a dtabhairt.

**4.3** Déantar iarracht sa tuarascáil seo leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a thabhairt san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh na sonraí roimhe seo. Mar gheall ar an athrú a thagann go seasta ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a rabhthas ag feitheamh ina leith tráth ar ullmhaíodh tuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche faoin am seo – beidh an fhaisnéis sa tuarascáil seo éagsúil leis an bhfaisnéis ar an réimse céanna cásanna i dtuarasálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, ní móide gur inchomórtais sonraí ó bhlianta éagsúla ó tharla gur mó de na cásanna a thugtar chun críche le himeacht aimsire agus go bhfágfadh sin gur iomláine an t-eolas maidir le cásanna ó na blianta is luaithe ná ó na blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh leasú maidir leis na sonraí a luaitear sna staitisticí seo i mí Meán Fómhair 2017.

**4.4** Ní mór cúram maidir leis na staitisticí seo a chur i gcomparáid le staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna nó an Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar rangú agus ar chatagóirí na hOifige féin agus ní gá go mbeadh an córas sin agus an córas rangúcháin in eagraíocht eile ag teacht le chéile go baileach.

# 4.1 COMHAID IONCHÚISIMH A FUARTHAS

Léirítear i gCairt 1 an líon iomlán comhad ionchúisimh a fuarthas in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó 2002 go 2016.

Ní áirítear sa chairt obair atá déanta ag an Oifig i ndáil le nithe eile nach mbaineann go díreach le comhaid ionchúisimh choiriúil, mar shampla: iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána, ó aturnaetha stáit áitiúla nó ó ghníomhaireachtaí eile; nithe a bhaineann le beartas; nó fiosrúcháin ghinearálta.

**CAIRT 1: LÍON IOMLÁN NA GCOMHAD A FUARTHAS**

| BLIAIN | COMHAID |
|---|---|
| 2002 | 14,586 |
| 2003 | 14,696 |
| 2004 | 14,613 |
| 2005 | 14,427 |
| 2006 | 15,279 |
| 2007 | 15,446 |
| 2008 | 16,144 |
| 2009 | 16,074 |
| 2010 | 15,948 |
| 2011 | 16,127 |
| 2012 | 15,285 |
| 2013 | 13,761 |
| 2014 | 14,012 |
| 2015 | 14,311 |
| 2016 | 13,180 |


Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a ceann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithtear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

## CAIRT 2: COMHAID A NDÉILEÁILTEAR LEO I ROINN NA NATURNAETHA


| | 2016 | % | 2015 | % | 2014 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche | 956 | 22% | 1008 | 19% | 1135 | 22% |
| Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda | 1995 | 45% | 2030 | 38% | 1712 | 33% |
| Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte | 1246 | 28% | 2060 | 39% | 1999 | 39% |
| Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha | 210 | 5% | 246 | 4% | 316 | 6% |
| **IOMLÁN** | **4407** | **100%** | **5344** | **100%** | **5162** | **100%** |



Léiríonn Cairt 3 an líon comhad a fuarthas ina gcaitear cinneadh a dhéanamh an ndéanfar nó nach ndéanfar cás a ionchúiseamh. Déanann an chairt comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na n-amhrastach is ábhar do na comhaid sin. Baineann go leor comhad le níos mó ná amhrastach amháin agus dá gcaithfí le comhad mar sin mar chás aonair d'fhéadfá ualach oibre míchruinn a lua leis an Oifig. Tá sé tábhachtach, mar sin, féachaint ar líon iomlán na n-amhrastach chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

## CAIRT 3: BRISEADH SÍOS MAIDIR LEIS NA COMHAID A FUARTHAS D'FHONN CINNEADH CIBÉ AN NDÉANFAÍ IONCHÚISEAMH

| | 2016 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Líon na gcomhad a fuarthas d'fhonn cinneadh cibé an ndéanfaí ionchúiseamh | 8773 | 8967 | 8850 |
| Lion na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin | 11337 | 12008 | 11805 |



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2014, 2015 agus 2016 (suas go dtí Meán Fómhair 2017). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcuntas:

**Ionchúiseamh ar bith:** Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

**Ionchúiseamh ar Díotáil:** Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.


**Diúscairt Achomair:** Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

**Faoi Bhreithniú:** Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Is chun an cás a neartú a dhéantar tuilleadh faisnéise a lorg go hiondúil seachas de bharr aon locht a bheith ar an imscrúdú.

**NÓTA:** *Tá na figiúirí do 2014 agus 2015 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hIonchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.*

## CAIRT 4: DIÚSCAIRT COMHAD AN ROINN TREORÚCHÁIN DE RÉIR LÍON DAOINE IS ÁBHAR DO NA COMHAID A FUARTHAS


| Treoir Déanta | 2016 | % | 2015 | % | 2014 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ionchúiseamh ar Bith | 4567 | 40% | 5076 | 42% | 5275 | 45% |
| Ionchúiseamh nó Indíotail | 3398 | 30% | 3381 | 28% | 3175 | 27% |
| Diúscairt Achomair | 3259 | 29% | 3527 | 29% | 3346 | 28% |
| **LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH** | **11224** | | **11984** | | **11796** | |
| Faoi Bhreithniú | 113 | 1% | 24 | 0% | 9 | 0% |
| **IOMLÁN** | **11337** | | **12008** | | **11805** | |



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt. Is é 'eile' an tagairt a úsáidtear ina leith seo sa chairt thíos.

## CAIRT 4A: CUR SÍOS AR NA PRÍOMHCHÚISEANNA AR THREOIR GAN DUINE ATÁ FAOI AMHRAS A IONCHÚISEAMH

| Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh | 2016 | % | 2015 | % | 2014 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ganntanas Fianaise | 3660 | 80% | 3964 | 78% | 4198 | 80% |
| Clár Athstiúrtha Óige | 62 | 1% | 66 | 1% | 58 | 1% |
| Leas an Phobail | 87 | 2% | 84 | 2% | 93 | 2% |
| Forais Simpiteacha | 3 | 0% | 7 | 0% | 5 | 0% |
| Tréimhse Ama Caite | 34 | 1% | 42 | 1% | 31 | 1% |
| Moill Mhíchuí | 41 | 1% | 75 | 2% | 64 | 1% |
| Tarraingíonn an Páirtí Díobhálaithe Siar an Gearán | 281 | 6% | 274 | 5% | 267 | 5% |
| Rabhadh Aosach | 93 | 2% | 112 | 2% | 121 | 2% |
| Eile | 306 | 7% | 452 | 9% | 438 | 8% |
| **IOMLÁN** | **4567** | | **5076** | | **5275** | |



Is briseadh síos atá i gCairt 4B de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndearnadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna ar cásanna iad 'atá á mbreithniú' (féach cairt 4). Áirítear anseo cásanna ina bhfuarthas comhad ach ina dteastaíonn breis faisnéise. Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar díotáil a bheith mar thoradh orthu.

## CAIRT 4B: CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

| | | | | | | Ionchúiseamh ar Díotáil Treoraithe de Réir Contae an Chiona | | | | | Cássanna an 1,000 Dúinne | | | | | Meáin Rolta 3 Bliana | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Daonra 2016* | Daonra 2015* | Daonra 2014 * | Daonra 2013* | Daonra 2012* | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2014-2016 | 2013-2015 | 2011-2013 |
| **Ceatharlach** | 56,932 | 55,613 | 55,405 | 55,438 | 54,966 | 42 | 28 | 47 | 28 | 37 | 0.74 | 0.50 | 0.85 | 0.51 | 0.67 | 0.70 | 0.62 | 0.68 |
| **An Cabhán** | 76,176 | 70,498 | 71,621 | 72,431 | 72,616 | 63 | 44 | 34 | 53 | 29 | 0.83 | 0.62 | 0.47 | 0.73 | 0.40 | 0.64 | 0.61 | 0.54 |
| **An Clár** | 118,817 | 116,755 | 116,848 | 116,786 | 117,435 | 65 | 84 | 85 | 59 | 85 | 0.55 | 0.72 | 0.73 | 0.51 | 0.72 | 0.66 | 0.65 | 0.65 |
| **Corcaigh** | 542,868 | 522,833 | 525,957 | 523,770 | 520,333 | 375 | 368 | 420 | 384 | 334 | 0.69 | 0.70 | 0.80 | 0.73 | 0.64 | 0.73 | 0.75 | 0.72 |
| **Dún na nGall** | 159,192 | 155,225 | 157,697 | 159,482 | 159,888 | 71 | 54 | 47 | 60 | 60 | 0.45 | 0.35 | 0.30 | 0.38 | 0.38 | 0.36 | 0.34 | 0.35 |
| **Baile Átha Cliath** | 1,347,359 | 1,305,300 | 1,274,600 | 1,262,400 | 1,262,900 | 1291 | 1427 | 1231 | 1260 | 1380 | 0.96 | 1.09 | 0.97 | 1.00 | 1.09 | 1.01 | 1.02 | 1.02 |
| **Gaillimh** | 258,058 | 245,106 | 246,006 | 246,457 | 246,175 | 120 | 99 | 140 | 94 | 124 | 0.47 | 0.40 | 0.57 | 0.38 | 0.50 | 0.48 | 0.45 | 0.48 |
| **Ciarraí** | 147,707 | 146,567 | 147,443 | 146,830 | 145,867 | 91 | 89 | 82 | 84 | 116 | 0.62 | 0.61 | 0.56 | 0.57 | 0.80 | 0.59 | 0.58 | 0.64 |
| **Cill Dara** | 222,504 | 218,356 | 216,574 | 214,158 | 213,881 | 101 | 87 | 93 | 93 | 134 | 0.45 | 0.40 | 0.43 | 0.43 | 0.63 | 0.43 | 0.42 | 0.50 |
| **Cill Chainnigh** | 99,232 | 97,168 | 96,804 | 96,861 | 96,037 | 68 | 46 | 37 | 41 | 48 | 0.69 | 0.47 | 0.38 | 0.42 | 0.50 | 0.51 | 0.43 | 0.44 |
| **Laois** | 84,697 | 83,637 | 82,895 | 82,353 | 81,868 | 48 | 46 | 34 | 47 | 74 | 0.57 | 0.55 | 0.41 | 0.57 | 0.90 | 0.51 | 0.51 | 0.63 |
| **Liatroim** | 32,044 | 30,631 | 31,119 | 31,471 | 31,552 | 9 | 14 | 16 | 11 | 8 | 0.28 | 0.46 | 0.51 | 0.35 | 0.25 | 0.42 | 0.44 | 0.37 |
| **Luimneach** | 194,899 | 191,088 | 191,239 | 191,138 | 192,200 | 185 | 189 | 130 | 156 | 119 | 0.95 | 0.99 | 0.68 | 0.82 | 0.62 | 0.87 | 0.83 | 0.71 |
| **An Longford** | 40,873 | 40,490 | 40,131 | 39,869 | 39,634 | 39 | 22 | 23 | 29 | 41 | 0.95 | 0.54 | 0.57 | 0.73 | 1.03 | 0.69 | 0.61 | 0.78 |
| **Lú** | 128,884 | 118,388 | 120,274 | 121,634 | 121,944 | 103 | 84 | 99 | 69 | 119 | 0.80 | 0.71 | 0.82 | 0.57 | 0.98 | 0.78 | 0.70 | 0.79 |
| **Maigh Eo** | 130,507 | 127,747 | 128,216 | 128,451 | 128,304 | 71 | 87 | 55 | 75 | 91 | 0.54 | 0.68 | 0.43 | 0.58 | 0.71 | 0.55 | 0.56 | 0.57 |
| **An Mhí** | 195,044 | 191,178 | 189,618 | 187,503 | 187,260 | 104 | 89 | 76 | 75 | 63 | 0.53 | 0.47 | 0.40 | 0.40 | 0.34 | 0.47 | 0.42 | 0.38 |
| **Muineachán** | 61,386 | 58,264 | 59,192 | 59,861 | 60,014 | 34 | 35 | 31 | 33 | 34 | 0.55 | 0.60 | 0.52 | 0.55 | 0.57 | 0.56 | 0.56 | 0.55 |
| **Uíbh Fhailí** | 77,961 | 79,617 | 78,911 | 78,395 | 77,933 | 32 | 34 | 43 | 25 | 65 | 0.41 | 0.43 | 0.54 | 0.32 | 0.83 | 0.46 | 0.43 | 0.57 |
| **Ros Comáin** | 64,544 | 62,647 | 62,877 | 62,922 | 62,921 | 39 | 31 | 24 | 23 | 21 | 0.60 | 0.49 | 0.38 | 0.37 | 0.33 | 0.49 | 0.41 | 0.36 |
| **Sligeach** | 65,535 | 62,994 | 63,997 | 64,721 | 64,886 | 42 | 47 | 26 | 45 | 47 | 0.64 | 0.75 | 0.41 | 0.70 | 0.72 | 0.60 | 0.62 | 0.61 |
| **Tiobraid Árann** | 159,553 | 160,110 | 159,829 | 159,845 | 159,470 | 121 | 106 | 86 | 125 | 121 | 0.76 | 0.66 | 0.54 | 0.78 | 0.76 | 0.65 | 0.66 | 0.69 |
| **Port Láirge** | 116,176 | 115,881 | 115,447 | 115,515 | 114,532 | 82 | 84 | 100 | 72 | 88 | 0.71 | 0.72 | 0.87 | 0.62 | 0.77 | 0.77 | 0.74 | 0.75 |
| **An Iarmhí** | 88,770 | 89,456 | 88,663 | 88,083 | 87,564 | 65 | 69 | 61 | 48 | 82 | 0.73 | 0.77 | 0.69 | 0.54 | 0.94 | 0.73 | 0.67 | 0.72 |
| **Loch Garman** | 149,722 | 147,985 | 147,429 | 147,517 | 146,261 | 69 | 66 | 62 | 52 | 78 | 0.46 | 0.45 | 0.42 | 0.35 | 0.53 | 0.44 | 0.41 | 0.44 |
| **Cill Mhantáin** | 142,425 | 141,866 | 140,708 | 139,139 | 138,959 | 68 | 52 | 93 | 74 | 62 | 0.48 | 0.37 | 0.66 | 0.53 | 0.45 | 0.50 | 0.52 | 0.55 |
| **IOMLÁN** | **4,761,865** | **4,635,400** | **4,609,500** | **4,593,100** | **4,585,400** | **3398** | **3381** | **3175** | **3115** | **3460** | | | | | | | | |

**Tá figiúirí daonraí do 2016 bainte as na figiúirí daonáirimh le haghaidh na bliana sin. Tá figiúirí 2012, 2013, 2014 & 2015 bunaithe ar chion na bhfigiúirí daonra réigiúnacha measta arna bhfoilsiú i Meastacháin Daonra agus Imirce na Príomh-Oifige Staidrimh a eisíodh in 2012, 2013, 2014 & 2015.*


Léiríonn Cairt 5 an t-am idir comhad ionchúisimh críochnaithe a fháil san Oifig agus treoir a eisiuint maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Cinneadh an fhaisnéis seo a léiriú de réir "duine atá faoi amhras" seachas de réir comhad mar go dtarlaíonn sé i gcásanna áirithe go mbíonn níos mó ná duine amháin i gceist agus nach ndéantar an cinneadh céanna i leith gach duine acu i gcónaí.

Bíonn comhaid éagsúil ó thaobh méid agus chomh coimpléascach a bhíonn siad. I gcásanna áirithe, bhí gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Féadfar tuilleadh faisnéise a lorg chun cruthúnas cáis a fheabhsú, cé nach comhartha é seo go raibh aon locht ar an imscrúdú.

Rinneadh an t-am a caitheadh a ríomh ar bhonn na gcásanna a bhfuil treoir eisithe ina leith amháin. Níor cuireadh comhaid atá á mbreithniú fós san áireamh agus léirítear iad mar chatagóir ar leithligh.

## CAIRT 5: AN TAM A CAITHEADH SULAR EISÍODH CINNEADH

| An tAm a Caitheadh | 2016 | % | 2015 | % | 2014 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 - Dhá Sheachtain | 5786 | 51% | 6283 | 52% | 6155 | 52% |
| Dhá - Cheithre Sheachtain | 1870 | 17% | 2044 | 17% | 2123 | 18% |
| Ceithre Seachtaine - Trí Mhí | 2514 | 22% | 2526 | 21% | 2366 | 20% |
| Trí Mhí - Sé Mhí | 696 | 6% | 812 | 7% | 814 | 7% |
| Sé Mhí - Dhá Mhí Dhéag | 336 | 3% | 256 | 2% | 297 | 3% |
| Os Cionn Bliana | 22 | 0% | 63 | 1% | 41 | 0% |
| **LÍON IOMLÁN COMHAD DIÚSCARTHA** | **11224** | | **11984** | | **11796** | |
| Faoi Bhreithniú | 113 | 1% | 24 | 0% | 9 | 0% |
| **IOMLÁN** | **11337** | | **12008** | | **11805** | |



# 4.2 TORTHAÍ NA GCÁSANNA ARNA N-IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL

**4.2.1** Soláthraítear faisnéis i gCairteacha 6 go dtí 10 ar ionchúisimh ar díotáil a thóg an Stiúrthóir i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2013 agus 2015. Mar a tagraíodh sa nóta mínithe tosaigh, ba chóir a bheith cúramach agus comparáid á dhéanamh le figiúirí a sholáthraíonn aon eagraíocht eile, mar go bhféadfadh siad a bheith curtha le chéile ar bhealach éagsúil.

**4.2.2** Baineann na figiúirí sna cairteacha seo le daoine aonair a raibh amhras fúthu a raibh treoir déanta iad a ionchúiseamh ar díotáil. Soláthraítear staitisticí ar bhonn duine a raibh amhras faoi seachas ar bhonn comhaid a fuarthas. Sin mar gheall go ndéantar treoracha i ndáil le gach duine aonair a bhíonn laistigh de chomhad seachas in aghaidh comhaid iomlán mar aonán ann féin. Ag brath ar an bhfianaise a sholáthraítear, déantar treoracha éagsúla go minic i ndáil le daoine aonair a fhaightear mar chuid den chomhad céanna. Tagraíonn na tagairtí sna cairteanna sin do 'chásanna' d'ionchúisimh a thógtar in aghaidh daoine aonair a mbíonn amhras fúthu. Cé go bhféadfaí daoine aonair ar chomhad a thabhairt chun trialach le chéile nuair a bhíonn treoir déanta iad a ionchúismh i gcúirteanna le dlínse comhionann, baileofar fíorasc gach duine aonair ar leithligh d'fhonn na staitisticí sin.

**4.2.3** Soláthraítear staitisticí ar an mbunús de thoradh amháin in aghaidh gach duine; beag beann ar an líon cúiseanna agus cionta a liostaítear ar an díotáil. Bristear na ciontuithe síos mar seo a leanas: ciontaithe ag giúiré, ciontaithe ar phléadáil, agus ciontaithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach. Is ionann ciontú ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach agus nár ciontaíodh an t-amhrasach as an bpríomhchúiseamh nó as an gcúiseamh níos tromchúisí ar an díotáil. Tá an catagóiriú cionta a úsáidtear sna príomhchairteacha de réir an phríomhchiona nó an cion is tromchúisí ar an díotáil. Dá bhrí sin, sa chás go ndéantar an cosantóir a chiontú le cion nach bhfuil chomh tromchúiseach, d'fhéadfadh an cion nó na cionta a chiontaítear ann iad a bheith éagsúil ón gcion a mbíonn siad catagóirithe faoi sna cairteacha. Mar shampla, d'fhéadfaí duine a chúiseamh i ndúnmharú ach ar deireadh go gciontófaí an duine sin i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach sin i ndúnorgain nó cúisithe i dtrom-bhuirgléireacht ach ciontaithe ar deireadh i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach i mbuirgléireacht. Tá briseadh síos ar chiontuithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach i ndáil leis na cásanna a éistíodh sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i gcairteacha 8A agus 9A. Sa chás go ndéantar amhrasach a chatagóiriú mar 'éigiontaithe', ciallaíonn sé sin go mbíonn an duine éigiontaithe i ngach cúiseamh.

**4.2.4** Ba chóir a thabhairt ar aird freisin go mbaineann staitisticí atá leagtha amach sna cairteacha seo le cad a tharla sa chúirt trialach agus sin amháin agus ní i gcúirt achomhairc ina dhiaidh sin. Is é sin le rá sa chás go gciontaítear duine agus go ndéantar an ciontú sin a chealú nuair a dhéantar é a achomharc, léirítear toradh na trialach i gcónaí sna staitisticí mar chiontú.

**4.2.5** Ba chóir a bheith cúramach i ndáil leis na rátaí ciontaithe agus éigiontaithe a léirmhíniú maidir leis na blianta is déanaí, toisc nach mbeidh líon ard cásanna tugtha chun críche. Ní bheidh an pictiúr a bheidh le feiceáil ó na staitisticí seo chomh iomlán agus chomh ionadaíoch leo sin i ndáil le blianta roimhe sin. D'fhéadfadh sé nach mbeadh cásanna a chualthas luath go maith mar shampla ionadaíoch ar an iomlán.

Léiríonn Cairt 6 an toradh a bhí ar na hionchúisimh ar díotáil a tugadh i ndáil le cúisithe ar thosaigh na hionchúisimh ina leith sna blianta 2013 go 2015 (suas go Meán Fómhair 2017). Baineann na figiúirí le:

**Ciontú:** Ciontú i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na cúiseanna a bhí i gceist.


**Scaoileadh saor:** An cosantóir neamhchiontach i leith gach cúis a bhí i gceist.

**Gan éisteacht go fóill:** Cinneadh déanta dul ar aghaidh le hionchúiseamh agus iad le dul os comhair cúirte.

**NÓTA:** *Níor cuireadh figiúirí 2016 san áireamh de bharr go bhfuil formhór mór na gcásanna sin le dul os comhair cúirte fós agus de bharr gur dócha nach léireodh fothorthaí an líon beag cásanna a bhfuil torthaí ar fáil dóibh an scéal críochnaitheach maidir leis na cásanna go léir.*


## CAIRT 6: TORTHAÍ NA GCÁSANNA - IONCHÚISIMH AR DÍOTÁIL

| Toradh | 2015 | % | 2014 | % | 2013 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ciontú | 2323 | 69% | 2377 | 75% | 2461 | 79% |
| Scaoileadh saor | 148 | 4% | 169 | 5% | 183 | 6% |
| Gan Éisteacht go Fóill | 810 | 24% | 464 | 15% | 314 | 10% |
| Caite amach/Éiríodh as | 100 | 3% | 165 | 5% | 158 | 5% |
| **IOMLÁN** | **3381** | | **3175** | | **3116** | |



## CAIRT 6A: ACHOIMRE - CIONTAITHE/SCAOILEADH SAOR
(CÁSANNA NÁR ÉISTÍODH GO FÓILL GAN BHEITH SAN ÁIREAMH)

| | 2015 | % | 2014 | % | 2013 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ciontaithe ag Giúiré | 126 | 5% | 126 | 5% | 129 | 5% |
| Ciontú tar éis Pléadáil Ciontach | 2197 | 89% | 2251 | 89% | 2332 | 88% |
| **CIONTAITHE - IOMLÁN** | 2323 | 94% | 2377 | 94% | 2461 | 93% |
| Scaoilte Saor ag Giúiré | 88 | 4% | 86 | 3% | 108 | 4% |
| Scaoilte Saor ar Threoir ón mBreitheamh | 60 | 2% | 83 | 3% | 75 | 3% |
| **SCAOILEADH SAOR - IOMLÁN** | 148 | 6% | 169 | 6% | 183 | 7% |
